



2020/2058(INI)

14.5.2020

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Buiséid agus chuig an gCoiste um Ghnóthaí
Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

ar an bPlean Infheistíochta don Eoraip Inbhuanaithe - conas an Comhaontú
Glas a mhaoiniú
(2020/2058(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Salvatore De Meo

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Buiséid agus ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar na coistí atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina dtairiscint i gcomhair rúin:

1. ag dréim leis go ndéanfar, faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) seo chugainn, an ranníocaíocht le réimse na forbartha talmhaíochta agus tuaithe a choinneáil ag na leibhéil reatha; á áitiú go ndéanfaí aon bhearta breise a bhaineann leis an aistriú glas a mhaoiniú le hairgead úr agus le hacmhainní dílse breise AE;
2. ag tabhairt dá haire an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis bPlean Infheistíochta don Eoraip Inbhuanaithe (COM(2020)0021), ach ag cur béim ar an bhfioras go bhfuil na heilimintí a mholtar laistigh de, lena n-áirítear an Ciste um Aistriú Cóir, ag brath go hiomlán ar chomhaontú uailmhianach maidir le CAI; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh sé, mar gheall ar thús-ualú cistí buiséid AE chun ceanglais caiteachais nua de dheasca phaindéim COVID-19 a chumhdach, nach bhfaigheadh feirmeoirí AE cistiú i mblianta deireanacha CAI, rud a bheadh go háirithe díobhálach má táthar ag dréim leis go ndéanfaidís na hoibleagáidí nua faoin gComhaontú Glas a chomhlíonadh;
3. á mheabhrú di go ndéanfar céatadán suntasach d'imchlúdach an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT), arb ionann é agus an sciar is mó de bhuiséad AE, a chur i leataobh chun tacú le cuspóirí a bhaineann leis an aeráid; á mheabhrú di go bhfuil an t-athchóiriú ar CBT fós ar bun agus nach ndearnadh cinneadh fós faoin ranníocaíocht bheacht le cuspóirí agus ceanglais maidir leis an gcomhshaol agus leis an aeráid;
4. á chur i bhfios gur nocht ráig COVID-19, a thit amach le deireanas, an ról straitéiseach atá ag an talmhaíocht i ndáil le bia sábháilte agus ardcháilíochta a sholáthar ar phraghsanna inacmhainne; á áitiú nach bhféadfaidh allmhairiú táirgí ó thríú tíortha nach gcomhlíonann caighdeáin sábháilteachta bia, cosanta comhshaoil, leasa ainmhithe agus shóisialta AE an bonn a bhaint ó na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag feirmeoirí AE ar bhia a tháirgeadh ar dhóigh níos inbhuanaithe.